

Triantáin

Gearrscéal le

Marija Makeska

(Marguerite Merington)



Aistrithe ag Peadar Ó Ceannabháin

focaileile
|||

Co-funded by the
Creative Europe Programme
of the European Union



drugizborovi
|||

Triantáin

Gearrscéal le

Marija Makeska

(Marguerite Merington)

Bhí dúil chéadach ag Liúc, buachaill nach raibh ach dhá bhliain déag d’aois, sa matamaitic. Bhí a sheomra lomlán de chruthanna matamaitice, d’fhoirmlí céimseatan agus triantánachta mar aon le heitleáin, agus bhí péint na mballaí, a bhí gorm, leathstialla ag síorathrú na bpóstaer. Níor ghasúr dúnarasach é nach n-imreodh riamh lena chairde – go deimhin bhí neart cairde aige ach ba í Emma a dhlúthchara. Sheas a gceangal cairdis ón naíscoil i leith. Bhí an ceangal chomh dlúth amanta gur gheall le cúpla iad nárbh fhéidir a scaradh ó chéile. Ó tharla nach raibh deartháir ná deirfiúr ag ceachtar acu, ba mhinic leo, ‘a dheartháir’ nó ‘a dheirfiúr’ a thabhairt ar a chéile. Cé nach raibh aon ghaol acu le chéile, mar sin féin thabharfá an leabhar go n-aithneofaí as a chéile iad.

Chónaigh Liúc agus Emma i Leeuwarden nó Ljouwert sa bhFreaslainnis, seanchathair aoibhinn, ársa ar leith gona canálacha áille. Thuig Liúc, an buachaill arbh aoibhinn leis breathnú ar chruthanna, gurbh áit speisialta é Leeuwarden ó tharla an cruth geoiméadrach is simplí ar domhan, an triantán, a bheith le sonrú ar gach foirgneamh – ar na droichid, ar na hárais, sa scoil ina raibh sé sa seachtú rang...

Sa Márta agus an t-earrach ar leic an dorais bhuaile ráig den fliú an scoil agus tholg Liúc é. Bhí sé chomh dona agus nár fhéad sé éirí as a leaba go ceann roinnt laethanta. Bhí a mháthair ina tuismitheoir aonraic agus í ag iarraidh an dá thrá a fhreastal - obair agus tuismitheoireacht. Bhí sí traochta ag fliú Liúc agus sula ngabhfadh sé in olcas, agus ó tharla nach gcuimhníodh sé riamh ar a chógais leighis, shocraigh sí é a thabhairt chuig an dochtúir. In ainneoin an chógais ba dheacair an fliú a dhíbirt agus b’éigean do Liúc trí seachtaine a chaitheamh ar an leaba. Thagadh Emma ar cuairt chuige go minic agus an obair bhaile aici i gcónaí, cé nach bhfanadh sí i bhfad ar eagla go dtolfadh sí féin an víreas. Nuair a bhí trí seachtaine caite ghlaigh an múinteoir ón scoil agus í ag iarraidh ar Liúc a theacht go ndéanfadh sé an scrúdú mata.

Mhínigh an mháthair an scéal don scoil ach mar sin féin theastaigh uathu go dtiocfadh sé don scrúdú mata. Ní athróidís a n-intinn faoi.

Ó tharla an oiread sin laethanta a bheith caillte aige, bhraith Liúc nach raibh sé ceart ná cóir go n-iarrfaí air a bheith i láthair le go gclisfeadh air sa scrúdú. Chaith sé a lán ama ar an leaba, gan de chúram air ach teocht a cholainne a thógáil agus piollaí a ól. Tráthúil go leor nuair a bhí air imeacht lá arna mhárach bhí biseach air. Bhíodh an dochtúir, a bhí cairdiúil lena mháthair, go síoraí ag fiafraí faoina shláinte agus ag iarraidh a bheith ina eiseamláir mhaith aige. Ghlaigh Liúc air chomh moch agus a d'fhéad sé. “Airim níos fearr inniu, a dhochtúir. Tá goile maith agam, chodail mé go sámh agus tá mo mhama do mo réiteach don scoil”. Le linn dó a bheith ag caint tharraing sé líne fhada sreangach teileafóin ina dhiaidh, d’oscail an vardrús agus d’aimsigh brístí, cochall agus T-Léine.

D’oscail máthair Liúc doras an chuisneora go beo bíogúil agus rinne sí ceapaire go scafánta dó. Shuigh Liúc go sleamchúiseach ag an mbord, thosaigh sé ag ithe go scioptha agus ag caint lena bhéal lán:

“Táimse in ainm is scrúdú matamaitice a dhéanamh. Níor theastaigh ón múinteoir lá réitigh a thabhairt dom. Labhair mama leis an bpríomhoide ach mar sin féin ní ligfidh siad dom an scrúdú a dhéanamh arís...Cén fáth?...mar go mbead ag titim ar gcúl san obair scoile...Is mór an lear oibre í don té a bhí bunáite mí as láthair...Go raibh maith agat, a dhochtúir chóir. Bead féin agus mama chugat go cinnte don scrúdú sláinte an tseachtain seo chugainn. Slán leat anois”.

Chuir sé an fón ar an mbord, d’ith greim maith, rug go sciobtha ar an mála droma agus léim sé i dtreo an dorais. “Feicfead ar ball thú, a mhama!”

“Do lón!” Rith sí chuig an doras go dtabharfadh sí an ceapaire dó. Sheas Liúc, tháinig sé ar ais agus chuir sé ina mhála droma é.

“Ná téir i ngar d’aon pháiste scoile inniu. An dtuigeann tú mé?”

“Ní rachad, a mhama”, a dúirt sé. Téadh nó ná téadh chaithfeadh sé Emma a fheiceáil ar aon chaoi.

An tráth ar bhuaill an seanchlog scréachach i halla na scoile bhí na scrúduithe á dtabhairt amach ag an múinteoir. Nuair a bhí sí ag dul thar Liúc agus í ag iompú a droim leis, shac sé a theanga amach go mímhúinte le teann oilc as ucht a bheith i láthair.

Choinnigh na daltaí guaim ar a ngáire. D’fhéach sé ar an scrúdú ansin, bhain sé uilig le teoirim Phíotágaráis; toirt crutha a aimsiú, fad iomlán chaon slios a aimsiú agus slios crutha a aimsiú. Níorbh é sin a thug anseo é agus cé go raibh a chuid póstaer ar bhalla a sheomra níor múineadh úsáid na bhfoirmlí riamh dó. D’fhéach sé ar an gclog. Bhí sé 11.15 AM. Bhreathnaigh sé thart agus chonaic sé go raibh cloigeann an mhúinteora saite ina leabhar nótaí agus í dírithe go hiomlán air. Thosaigh sé ag stánadh ar scrúdú Emma. Bhí sí suite lena thaobh cé go raibh a binse féin aici. Thug Emma faoi deara é agus d’iompaigh sí a scrúdú ina threo go bhfeicfeadh sé é. D’ardaigh Liúc a cheann ina treo agus thosaigh sé ag cóipeáil na bhfreagraí. Bhí sé 11.25 AM. D’ardaigh an múinteoir a ceann agus thug sí faoi deara go raibh Emma róghar do Liúc. “Ba cheart d’aird a bheith ar an scrúdú agat, a Emma”.

Shuigh Emma mar a shuíodh sí go hiondúil, fios aici gur teip a thabharfadh an múinteoir sa scrúdú di dá ndéanadh sí arís é.

D’fhéach Liúc ar a scrúdú. Tharraing sé fear grinn ard, culaith i gcruith triantáin air, agus scríobh sé a ainm, Cleasaí. D’iompaigh cúpla gasúr a gcuid scrúduithe bun os cionn ag 11.40 AM. Lean Liúc air ag tarraingt. D’iompaigh tuilleadh daltaí a gcuid scrúduithe ag 11.48 AM. Bhí sé lánchinnte go dteipfeadh air sa scrúdú agus shocraigh sé é a thabhairt suas. D’fhág sé an seomra ranga go diomúch. Tháinig Emma amach ina dhiaidh. “Céard? Ní dhearna tú staidéar ar bith?”

“Ní raibh mé in ann. Bhí teocht ard orm”. Bhí Liúc ag siúl go dtí príomh-dhoras na scoile.

“D’fhéadfainn cúnaimh a thabhairt duit anois”. Lean sí go cráite é.

“Táim buíoch díot ach tá sé rómhall anois”.

Bhí díomá air agus é go domhain ina chuid smaointe. Theastaigh uaidh imeacht. Sheas Emma sa halla, ag faire. Bhuail an clog agus b’éigean di a dhul chuig rang.

Ach ní ar an mbaile a thug Liúc a aghaidh. Theastaigh siúlóid sa gcathair uaidhsean, siúlóid nach dtabharfadh in áit ar bith é.

Bhí an t-earrach ag cur macnais ar na healaíontóirí sráide i lár bhaile Leeuwarden, iad cheana féin amuigh ag díol a gcuid ar an tsráid; ceoltóirí ag seinm a gcuid uirlisí, daoine ag ithe greim bia sna bialanna agus sna caiféanna.

Isteach i bPáirc an Phrionsa a thug a chosán Liúc, áit ar shuigh sé ina aonar, ag féachaint ar na héin ag preabadh agus ag ceol ar fud na háite, daoine ag dul thar bráid agus é ag éisteacht le fuaim na habhann. Go tobann chuala sé amhrán clasaiceach aithnidiúil, ceann rómánsúil corraitheach, *An Danóib Ghorm*. Bhí an ceoltóir, veidhleadóir aonraic, ar dhroichead agus thoiligh sé a dhul ina gaobhar. Thart ar ceithre bliana déag d’aois a bhí sí, boladh óna cuid éadaí, a haghaidh salach agus pluid thart uirthi. I muinín na déirce a bhí sí.

Sheas sé go mbainfeadh sé sásamh as an gceol álainn a bhí á sheinm aici. D’athraigh sí a port go tobann agus sheinn sí, *Grá na Danóibe* agus sméid sí ar Liúc airgead a chur sa mbosca. Ní raibh trua ná taise san fhéachaint dheoranta a thug Liúc uirthi cé is moite go raibh suim sa gceol aige. “Is maith liom d’amhrán”.

Lean an cailín déirce uirthi ag seinm, go ciúin diongbháilte, í dírithe go hiomlán ar a cuid ceoil. D’fhéach Liúc síos ar an mbosca folamh airgid agus bholaigh sé di:

“Tá droch-bholadh uait. Ní chuirfinn aon airgead i do bhosca go brách”. D’ardaigh sé a cheann go postúil ansin go n-imeodh sé ach d’fhéach sise le súile an chreachadóra ina dhiaidh. Rinne sí liathróid páipéir faoi dheifir agus bhuail sí leis an liathróid é. Dhírigh sí ansin ar a píosa ceoil agus an chuma uirthi go raibh sí á sheinm go stuama réidh.

Casann Liúc thart, fios maith aige go mba í a bhuail é, ach ligeann sise uirthi nach dtugann sí faoi deara é. Ghéaraigh sí a súil arís air agus é ag imeacht uaithi, tráth ar shonraigh sí lorg pinn luaidhe ar a dhroim agus ponc bán air.

Níor thug Liúc an t-athrú ar a dhroim faoi deara, ach bhí an ponc bán ag méadú sciobtha go leor. Faoin am ar shroich sé an baile bhí a mhála droma róthrom dó agus b’éigean dó é a scaoileadh uaidh ar an mbealach isteach. D’fhéach sé ar a lámha – bhíodar ag iompú ina gcarachtair bheoite de féin, dubh agus bán! D’imigh sé de sciúird chuig an seomra folctha go nglanfadh sé an bháine ach is é an chaoi ar fliuchadh é! Bhí sé á chur i riocht páipéir. Sheas sé gan tapa, gan bhrí os comhair an scátháin, ag féachaint ar a aghaidh ag iompú dubh agus bán agus é ag screadach.

Theann sé anonn chuig an dtriomadóir láimhe, á bhrú lena cholainn gur thosaigh a lámha ag eitilt. Fad is a bhí neart éigin fanta ann, ní raibh de rogha aige ach a bhealach a dhéanamh go dtí an príomh-dhoras. Idir an dá linn, bhí a mháthair ar a bealach isteach.

Chúlaigh Liúc de léim as a hamharc gar don mhála droma. Shiúil sí go dtí an chistin agus fad is a bhí sise ag fágáil a sparáin agus a mála grósaeirí ansin, léim Liúc ó chúl an dorais agus isteach leis as amharc sa mála droma.

Tháinig oiread na fríde de thorann as an mála droma, an oiread agus a tharraingeodh a haird.

“A Liúc? An bhfuil tú sa mbaile?” D’fhéach sí ina timpeall.

D’fhoilsigh éadan bán gealgháireach é féin ar nóta greamaitheach ina haice agus scríobh sé é seo go sciobtha, “Táim ag staidéar, tigh Emma”.

Chas sí thart agus phioc sí suas é. Mheabhraigh sí di féin nach raibh sé ceaptha a dhul i ngar d’aon duine...ach nach bhféadfadh sí é a stopadh...go gcaithfidh sé a chuid obair bhaile a dhéanamh.

Tharraing Liúc anáil nó dhó agus é ina sheasamh faoin nóta a bhí díreach scríofa aige, lig sé uaidh an peann luaidhe. D’fhéach sé air féin.

I ndomhan páipéar a bhí sé anois, domhan inar toisíodh chuile rud as páipéar, as dúch agus as peann luaidhe. Shiúil sé cúpla coiscéim ar an bpáipéar, go dtástálfadh sé é.

Shiúil sé thart, díreach mar a dhéanadh sé taobh amuigh. Tháinig sé chuig trí thriantán, léim sé orthu agus dhreap sé an ceann ab airde. Tháinig meangadh beag ar a aghaidh agus go tobann léim sé síos arís.

“Ó hó! Thar cionn!” Scríobh sé T mór lena mhéara, rug ar ghéaga na litreach agus dhamhsaigh sé léi.

Cé nach raibh aird aige ar an *Válsa Rúiseach* a bhí á sheinm achar fada uaidh, mar sin féin bhí a chuid damhsa ag teacht le rithim an cheoil. Ansin lig sé a ghéaga féin anuas ar na litreacha agus é ag scairtíl gháire.

Is gearr gur thug sé doras faoi deara, “Oscail Mé”... gan amharc ar aon eochair ach amháin ar an litir P. Rug sé uirthi agus bhain sé an glas den doras léi. Shiúil sé isteach, é á tharraingt anuas dá bhuíochas gur thit sé isteach i spás.

Thit sé ar bhosca, bosca triantán. D’éirigh sé ar éigin, sháigh a cheann amach go faiteach. Tháinig fear grinn amach as ceann de na boscaí lena chuid nótaí, an fear céanna a tharraing sé ar a scrúdú matamaitice, a ghéaga ag gabháil anonn is anall agus é ag réiteach fadhbanna. D’fhéach sé go gasta ar Liúc, é dall go hiomlán ar a thitim timpisteach. “An bhféadfá a insint dom cén comhshíneas atá ag 26”?

Chuir an cheist alltacht ar Liúc.

“Ceart go leor, tuigim anois. Ní matamaiticeoir thú”. Tháinig Cleasaí amach as an mbosca, shiúil sé thart air, a aird ar chomhaireamh. Go tobann thug sé a aghaidh ar Liúc arís. “Fan! Níl cuma thriantánach ortsa”.

Bhí Liúc fós suaite.

“Dála an scéil, is mise Cleasaí. Is réiteoir fadhbanna mé. Cárb as thú, a ghasúir an chinn ubhchruthaigh?”

“As Leeuwarden,” a d’fhreagair Liúc i gcogar.

“As Ljouwert? An chathair sin againne? Ba bhreá liom a bheith in ann í a shiúil agus a fheiceáil ina dathanna.

Bhí iontas ar Chleasaí faoin gcuaríteoir ón diminsean eile.

“Tuige? An ea nach bhfeictear Ljouwert ina dathanna?”

“Ceist mhaith. Feiceann daoine agus ainmhithe as diminsean na ndathanna mar sin í, sin uile”.

Sheas Liúc suas ón mbosca. “Cá bhfuil mé?”

“I do chuid fadhbanna matamaitice”.

“Céard atá i gceist agat?”

“Nach ndúirt mé leat go rabhais i do chuid fadhbanna mata,” a d’fhreagair Cleasaí arís go foighdeach.

“Cá bhfuil sé sin?”

“Tar liomsa agus ní fada uait fios”. Thosaigh Cleasaí ag siúl i dtreo an dorais, é ag comhaireamh lena dhá lámh agus ag scríobh nótaí. Rith Liúc ina dhiaidh agus d’oscail sé an doras. Scal solas geal láidir amach orthu, isteach le Liúc i dtosach.

D’fhéach sé thart air agus baineadh geit as ar an spota. Cathair bheoite déanta as triantáin a bhí inti! Bhí na daoine triantánach, na carranna triantánach agus na foirgnimh ar fad ina dtriantáin. “A Chleasaí, tuige a bhfuil Ljouwert uilig ina triantáin, agus gan aon dath inti ach oiread?” a d’fhiafraigh Liúc de.

“Nach bhfeiceann tú sin anois? Nach ndúirt mé leat nach ionann é agus diminsean na ndathanna”.

Thug Liúc faoi deara go raibh foirmle scríofa matamaitice ar gach triantán.

Bhí eolas taobh thiar de na carranna faoin méid breosla a ídíonn siad, a thréine agus a ghluaiseann na scamail, an méid teasa a ghineann an ghrian, meáchan na ndaoine, gastacht a gcuid siúil - na mílte foirmlí mórthimpeall. Bhí foirmlí ar chaon taobh de Liúc féin.

“A mhac go deo, tá an ceart agat, a Chleasaí!”. Lean Liúc Cleasaí ar na sráideanna. “Dála an scéil, tuige a dtugann siad Cleasaí ort?”

“Ceist mhaith. Níl áireamh sa domhan mór nach ndéanaim”.

“Cén fáth nár tháinig tú i gcabhair ormsa nuair a tharraing mé ar mo scrúdú mata thú?”

“Tharraing tú mé? Hmm...ach bhí mé anseo i gcónaí?”

“Bhí triantáin ag iarraidh orm a sleasa a réiteach, toirteanna...”

“Bhuel, tá teoiricí na dtriantán simplí. Tá gach ní faoin spéir déanta as triantáin, an dtuigeann tú?

“Tuigim, de bheagán”.

Sheas Cleasaí le balla. Rug sé ar pheann luaidhe agus thosaigh sé á mhíniú. “Seo dronuilleog agus roinneann tú ina ...

“Ina dhá thriantán é”.

“Agus féadaim an dá thriantán seo a roinnt ina...”

“Ina lán triantán”.

“Is féidir triantán ar bith a roinnt ina dhá thriantán chun uillinn 90 céim a dhéanamh agus aimseoidh tú na sleasa ansin le teorim Phíotágaráis”.

“Sin é a bhí Emma ag rá liom! Caithfead imeacht agus na fadhbanna a réiteach anois ach nílim in ann. Beidh an múinteoir ag tabhairt na dtorthaí dúinn amárach, cén chaoi a dtiocfaidh mé amach as an leabhar mata, a Chleasaí?”

“Ní fhéadfaidh tú a theacht amach as seo”. D’imigh sé sna tríthí ag gáire, mar a bheadh cleas éigin ar bun aige, lean air ansin ag siúl na sráide, ag scrúdú na bhfoirmlí agus á gceartú i gcás earráide. Lean Liúc le teann fiosrachta agus riachtanais é, gan fhios aige céard eile a dhéanfadh sé.

Shiúil Cleasaí i bPáirc an Phrionsa, gach ní faoin spéir á iniúchadh aige, fuaim na habhann, na n-éan agus na gcrann ina measc.

Ní fada gur chualadar ceol veidhlín arís i bhfad uathu. De réir mar a theann Cleasaí níos gaire don droichead d'aithin Liúc an fonn. Ba é an t-amhrán ab ansa leis é, ceann clasaiceach, *An Danóib Ghorm*.

“Tuige nach bhféadaim a theacht as an leabhar?” a dúirt Liúc leis féin.

Chuala Cleasaí é agus d'athraigh sé an t-ábhar. “Ceol! Nach mór an spóirt é? Ceol agus mata, téann an dá cheann le chéile ar nós deartháir agus deirfiúr! Cuireann an ceol le clisteacht an duine agus léiríonn an mata gurb é an ceol bun agus barr an tsaoil”.

Thug Cleasaí Liúc leis go dtí an droichead, an áit a raibh an cailín ag seinm. D'aithin Liúc í. “Beannaigh d’ár n-inspioráid, Constance”. Shín Cleasaí a mhéar ina treo.

Bhraith Liúc gur cuireadh cluain air. Mealladh anseo é as ucht gur náirigh sé í.

“Heileo”, a dúirt sé agus a cheann faoi aige.

Seinneann an cailín déirce a cuid ceoil go feargach.

Bhí stangadh bainte as Liúc, “Cá bhfios duit go bhfuil aithne agam uirthi?”

“Níl Leeuwarden dathach ach amháin don diminsean lena mbaineann tusa. Nach bhfuil an ceart agam?”

Stad an cailín déirce den cheol go tobann. Ní raibh smid as Liúc.

Ba mhíshocair é tost na beirte.

Tháinig Cleasaí i gcabhair orthu, “Seinn píosa deas ceoil, a Chonaí”.

Sheinn an cailín déirce polca cáiliúil go spraoiúil, *Polca Annen*, a chum Strauss. Bhí Liúc crosta leis féin. Níorbh amhlaidh do Chleasaí, is é an chaoi ar léim seisean go gealgháireach leis an gceol mar a dhéanfadh páiste.

“Tá an-bhrón go deo orm, a Chonaí...níor thuigeas go raibh...”

Stad sí den cheol go tobann.

“Tá an-bhrón orm” a dúirt Liúc an athuair.

Sheinn Conaí ceol bréige cráite, ceol a bhain croitheadh as an droichead, as na foirgnimh, ceol a mhéadaigh sruthanna na n-uiscí agus a tharraing crith talún.

“Cuidigh liom a dhul abhaile, le do thoil”. Bhí Liúc lom dáiríre an iarraidh seo.

Choinnigh Conaí uirthi ag seinm, gan fonn uirthi éisteacht le Liúc. Thuig sé nár tugadh aird ar a achainí agus chuaigh sé i dtreo Chleasaí, a bhí chomh fada uaidh anois agus go mb’éigean dó rith ina dhiaidh ar feadh nóiméad nó dhó.

“Cá bhfuil do thriall?”, a Chleasaí.

“A dheamhais, is tú atá ann, arís.” Chas Cleasaí i dtreo Liúc cé nár lag a dhíocas ná a aird ar na fadhbanna matamaitice.

“Fan liom! Ní theastaíonn uait go mbeinn anseo?” Cé go raibh Liúc ina theannta bhraith sé go raibh sé ina chadhadan aonraic.

“Táim cruógach”, a dúirt Cleasaí.

“Tuige a bhfuil tú ag fánaíocht mar sin?”

“Dheamhan fánaíocht, áirimh na cathrach atáim a thástáil”.

“Áirimh? Tuige?”

“Tuairiscím chuig Máthair an Nádúir go bhfuil ceithre fhórsa an Nádúir fós meáite go cothrom”.

“Faraor nach dtuigim gach a ndeir tú”.

Bhí Cleasaí i bhfad níos eolaí ná Liúc.

“Tuigfidh tú é, lá éigin”, a d’fhreagair Cleasaí agus é fós ag áireamh.

“Dá bhféadfainn ar a laghad na ceisteanna nár fhreagair mé ar scoil a réiteach”.

Níor labhair sé. D’fhan Liúc go foighdeach ar an tsráid, é ag faire ar Chleasaí ag imeacht níos faide uaidh. Go tobann chas Cleasaí thart, “Smaoinigh le do chloigeann”.

Sheas sé tamall ansin agus é ag tochas a mhullaigh. Bhuail smaoinemh é ó bheith ag féachaint ar na triantáin.

Bhí sé 7.30 PM. Bhí Emma ag a deasc ina seomra, í ar a compord ina pitseámaí agus i mbun a hobair bhaile. D’fhéach sí i dtreo na fuinneoige. Ní raibh ar a cúl ach dorchadas cé gur lig na cuirtíní roinnt aer úr isteach. “A Emma! Mise atá ann, Liúc. Féach, nílím ag súil go n-aithneoidh tú mé ná go mbeidh a fhios agat cá bhfuilím, ach tá fhios agam go bhfuil tú in ann mé a chloisteáil”.

D’fhéach Emma thart arís le barr iontais. Sheas sí siar óna cathaoir agus dhún sí an fhuinneog. “Táim istigh i do leabhar mata, ’Emma”.

D’fhéach Emma ar an leathanach mata a bhí oscailte. Rinne Liúc meangadh gáire léi, aghaidh ghealgháireach bheoite air, í dubh agus bán. “Céard seo!” Léim sí den chathaoir.

“Tá a fhios agam nach gcreideann tú a bhfeiceann tú, ach is mise atá ann...Liúc”.

Ba bheag nár scread sí. “Dófaidh mé mo leabhar mata,” a dúirt sí.

“Ná dóigh, a dheirfiúr, mise atá ann i ndáiríre. Má dhóinn tú do leabhar mata, ní bheidh fáil ormsa agus ní bheidh tú in ann d’obair bhaile a dhéanamh. Glac staidéar nóiméad agus éist liom”.

“Ní thuigim cén chaoi a bhféadfadh sé gur tusa atá ann”.

“Is mé atá ann go cinnte! Caithfeadsa imeacht as seo anois, níl aon duine in ann a theacht i gcabhair orm ach thusa”.

Ghlaoigh an guthán. Phioc Emma suas é. “Heileo?”

“Haigh, seo í máthair Liúc. Theastaigh uaim a fháil amach an raibh Liúc fós ansin. Níor ghlaoigh sé orm inniu agus d’fhág sé nóta go mbeadh sé ag staidéar leatsa”.

“Cé atá ann,” a d’fhiafraigh Liúc i gcogair.

“Do mháthair,” a d’fhreagair Emma os íseal. “Tá sé anseo. Rinne sé go leor staidéir agus ba bheag nár thit a chodladh air”.

“D’fhéadfainn a theacht agus é a thabhairt abhaile”.

“Níl na tascanna matamaitice uilig críochnaithe againn agus tá sé ina shuí cheana féin”. Bhí Emma ag féachaint ar Liúc agus í ag caint.

“Ní bheidh siad críochnaithe go maidin againn. Tabharfaidh mo mhama cúnaimh dó le dhul ar scoil ar maidin”.

“An bhféadfainn labhairt leis ar an bhfón?”

“D’fhéadfá” a dúirt Liúc i gcogair.

Chuir Emma an fón síos ar an leabhar.

“Heileo! Táim go maith, a mhama. Níor theastaigh uaim ach néal a ligean,” é ag tabhairt le fios di go ndearna sé dreas codlata. “Níor mhór dom tabhairt faoin obair arís...go raibh maith agat, a Mhama. Tá an-chion agam ort”.

Cuireadh síos an fón. Bhí Emma fós trína chéile. “Is tú atá ann gan bhréag!”

“Féach, a Emma, an ndéanfá gar mór dom? Tabhair chuig deasc an mhúinteora amárach mé agus clúdaigh na scúduithe mata le do leabhar. Ansin comhair go dtí a cúig. An ndéanfaidh tú é sin dom, le do thoil?”

Sméid Emma go ndéanfadh.

Bhí sé 10.30 AM cheana féin, am lóin ar scoil. Shiúil Emma isteach i seomra ranga na matamaitice agus chuir sí a leabhar mata os cionn na scrúduithe ar dheasc an mhúinteora.

Chomhair sí go dtí a cúig mar a hiarradh uirthi, ansin thug sí léi an leabhar mata agus shuigh sí ar a suíochán féin. Tháinig an múinteoir isteach agus thug sí faoi deara go raibh Emma ina haonar.

“A Emma, an ea nach bhfuil tú ag ithe do lóin le do chairde?”

“Níl ocras orm. Fanfad i gcomhair an ranga”.

Rug an múinteoir ar na scrúduithe agus thosaigh sí á ngrádú.

Idir an dá linn bhí léim tugtha ag Liúc, roinnt bheag d’uimhreacha Emma ceartaithe aige agus é ag réiteach fadhbanna mata a scrúdú féin. Thug sé faoi deara gur thosaigh na billeoga ag imeacht réasúnta sciobtha uaidh. Ba dheacair dó iad a chríochnú agus gan fanta aige ach beagán leathanach. Scrios sé íomhá Chleasaí agus scríobh sé an uimhir dheireanach den cheist dheireanach fad is a bhí an múinteoir ag tógáil a scrúdú den deasc. Ní raibh sé d’am aige corraí agus d’fhan a aghaidh ghealgháireach le hais an fhreagra.

Cheartaigh an múinteoir a scrúdú agus thug sí an méid pointí ab fhéidir dó, scríobh sí A mór agus rinne sí meangadh beag leis an aghaidh dheas ghealgháireach os a comhair. Chuir sí dath dearg air agus leag sí uaithi an scrúdú. Tháinig cuma bhrónach ar aoibh Liúc.

Am ranga. Thug Emma scrúdú Liúc léi. D’fhéach sí le hiontas ar a ceann féin ar dtús. Bhí na pointí ar fad aici. D’fhéach sí ansin ar scrúdú Liúc agus d’aithin sí a aghaidh dhaite ghealgháireach. Thriáil sí an dath dearg a ghlanadh de ach dúch pinn a bhí ann. D’ardaigh sí a guailí, í ar hob éirí as. Bhí frustrachas ar aghaidh Liúc. Scríobh sé chuici arís, “Tabhair chuig an droichead mé agus faigh an cailín déirce. Cuidigh liom a theacht amach as seo”. Chaoch Emma an tsúil air agus í dírithe ar ghlór an mhúinteora.

Ar an droichead a d’aimsigh Emma an cailín déirce i ndiaidh na scoile. Bhí *An Danóib Ghorm* cloiste i bhfad uaithi aici sula bhfaca sí Conaí á sheinm ar an veidhlín.

Nuair a bhí Emma ag teacht ina láthair, d’athraigh an cailín déirce an ceol agus thosaigh ar an bhfonn, *Grá na Danóibe* agus rinne sí comhartha léi faoin airgead. Sheas Emma tamaillín go n-éisteadh sí léi agus chaith sí bonn airgid ina bosca.

Níor thug an cailín déirce aon aird uirthi, bhí a haird go hiomlán ar shéis iontach an cheoil. Níor chorraigh Emma. Chaith sí an dara píosa airgid isteach. Chuir Conaí a comhartha buíochais in iúl di agus sheinn sí an *Válsa Rúiseach*. Sheas Emma agus cluas le héisteacht uirthi. Chaith sí an tríú bonn airgid isteach.

Sheinn Conaí, *Damhsa na mBláthanna* le Tchaikovsky. Chas Emma i dtreo na canála, d'fhéach sí síos agus chonaic sí sruthanna triantánacha an uisce agus daoine ag dul thar bráid.

Ar ais léi go n-éistodh sí le Conaí. Choinnigh Conaí a haird ar an gceol. Thaispeáin Emma torthaí scrúdú Liúc di agus shín sí a méar ar an aghaidh dhaite bhrónach. Chaith sí an ceathrú bonn sa mbosca. Stad Conaí den cheol. D'fhan Emma go labhródh sí.

Thug Conaí ordú di faoi dheireadh: “Tabhair leat na boinn agus cuir i do mhála iad”.

D'fhéach Emma ar an mbosca. Ní raibh de bhoinn aici ach na ceithre cinn sin. Chrom sí síos ar an mbosca go náireach, thóg sí na boinn agus chuir sí ina mála iad. Sheinn Conaí *An Válsa Vineach* go meidhreach. Choinnigh Emma súil uirthi agus í ag siúl go réidh ón droichead. Is gearr gur mhéadaigh agus gur thromaigh a mála droma. Leag Emma uaithi ar an tsráid é. Osclaíodh an fillteán bairr, amach le cloigeann rua Liúc agus a cholainn ina dhiaidh. Bhí Emma go mór trína chéile ach nuair a bhí sé tagtha ina láthair tháinig aoibh an gháire uirthi, tharraing sí marcóir gorm amach agus dhath sí a leicne leis. Thug an bheirt acu súilfhéachaint ar Chonaí ag seinm a veidhlín, chasadar i dtreo na sráide, iad ag léim agus ag damhsa leis an gceol.

Nuair a shroich Liúc an baile, bhí na deora lena mháthair agus í ag ól uisce agus siúcra. “Cén seachrán a bhí ortsa le dhá lá?”

Thug Liúc barróg di. “Bhí gnó ar leith le déanamh agam”. Thaispeáin sé an scrúdú di. “An bhféadfaidh mé a dhul ag spraoi anois?”

Thug sí le fios dó go bhféadfadh agus í ag gáire le háthas.

Rith Liúc agus Emma go dtí a sheomra, d'osclaíodar é ach baineadh a oiread de stangadh astu gur fágadh ina staidhcí iad. Amach os a gcomhair bhí Cleasaí, é faoi dhath agus seomra Liúc á thomhas aige le miosúr.

“Is álainn an domhan dathach atá amuigh ansin...álainn...ach caithfeadsa gach ní, nach mór, a thomhas!